Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2023
(OR. en)

15190/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0179(NLE)**

**SOC 746**
**EMPL 533**
**EDUC 423**
**JEUN 255**
**ECOFIN 1145**
**MI 951**
**FISC 251**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt<br>- Glacadh |

# I. RÉAMHRÁ

An 13 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt. Áirítear sa mholadh bearta lena gcothaítear ról an gheilleagair shóisialta maidir le himeascadh i margadh an tsaothair agus maidir le cuimsiú sóisialta, chomh maith le bearta lena dtacaítear le timpeallacht chumasúcháin, lena mbreathnaítear ar rochtain ar chistiú, margaí agus soláthar poiblí, státchabhair agus cánachas. Áirítear ann freisin bearta lena méadaítear infheictheacht agus aitheantas na hearnála.

Ní hionann leibhéal forbartha an gheilleagair shóisialta sna Ballstáit éagsúla agus is beag fós an leas a bhaintear as an acmhainneacht atá ann.

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 292 in éineacht le hAirteagail 149 agus 153, pointí (h) agus (j) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is le tromlach cáilithe a ghníomhóidh an Chomhairle.

## II. STAID NA HIMEARTHA

Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 10 Iúil 2023 agus scrúdaigh an Mheitheal é ag na cruinnithe a bhí aici an 11 agus an 26 Meán Fómhair. Tugadh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn chun críche an 28 Meán Fómhair ina raibh tacaíocht fhoriomlán don téacs comhréitigh.

Ar bhonn na tacaíochta sin, tháinig an Chomhairle (EPSCO) ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs comhréitigh, mar a leagtar amach in 13287/23 é, ag an seisiún a bhí aici an 27 Deireadh Fómhair 2023. Cuireadh an ráiteas ón Ungáir a leagtar amach in 13287/23 ADD 1 isteach i miontuairiscí na Comhairle.

Tá athbhreithniú dlítheangeolaíoch déanta anois ar an téacs a bhí ina ábhar don chomhaontú polaitiúil agus tá sé le fáil in 14113/23.

Ach an Moladh a bheith glactha, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## III. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle (AGRIFISH) an Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta atá in 14113/23 a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 20 Samhain 2023.